

Madraí Tréigthe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuirisc ar ball faoi eagraíocht charthanachta do mhadraí tréigthe. Ag obair leis an duine in aice leat, déan plé ar na ceisteanna seo a leanas.

An bhfuil fadhb na madraí gan dídean tábhachtach duit?
An bhfuil costas mór ag baint le peata a choinneáil?
An gceapann tú go bhfuil fás ag teacht ar líon na madraí nach bhfuil dídean acu? Cén fath?
An fiú labhairt faoin bhfadhb seo, fiú, agus daoine ar fud na tíre ar na sráideanna?

Ceist 2 Gan féachaint ar an tuairisc go fóill, déanaigí iarracht na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na téarmaí seo a leanas:-

Deserted _____

Significant increase _____

Recession _____

Rent _____

Voluntary _____

Pups _____

Adopt _____

Demand _____

Extra _____

Shelter centre _____

Surgeon _____

Sponsorship _____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad iad ábhair na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú libh.

- Ceist 4** Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos:
1. Cén fáth go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na madraí tréigthe, dar leis an eagraíocht charthanachta?
 2. Cén fáth go bhfuil an t-éileamh ar mhadraí tite?
 3. Cad atá beartaithe don ionad atá acu faoi láthair?
 4. Cé mhéad a chosnaíonn sé sa mhí an tseirbhís a chur ar fáil?
 5. Cad a chiallaíonn logainm na háite ‘Dún ar Aill’, dar leat?
 6. An bhfuil tú in ann smaoineamh ar thuilleadh samplaí de logainmneacha le “Dún” nó “Aill” iontu?

- Ceist 5** “*I gContae Chiarraí..*”
Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal sa chló trom thuas.

Cuir an focal “Contae” roimh na focail seo a leanas agus athraigh iad más gá.

1. An Mhí
2. Luimneach
3. Sligeach
4. Gaillimh
5. An Iarmhí
6. Laois
7. Corcaigh
8. An Dún
9. Maigh Eo
10. An Clár

- Ceist 6** Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Ar cheart don Rialtas a bheith ag tacú le heagraíochtaí dá leithéid?

An bhfuil aon rian den fhadhb seo feicthe agat i do cheantar féin?

Pléigh an rún díospóireachta seo:

“Is mó cabhair a fhaigheann madraí gan dídean ná daoine atá ag maireachtáil ar na sráideanna sa tír seo”

Bíodh pointí i bhfabhar agus i gcoinne an rúin ag gach grúpa.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarrtar ar na foghlaimeoirí na ceisteanna ginearálta faoin scéal seo a phlé ar dtús.

Ceist 2

Deserted_____	Tréigthe
Significant increase_____	Méadú suntasach
Recession_____	Cúlú eacnamaíochta
Rent_____	Cíos
Voluntary_____	Deonach
Pups_____	Coileáin
Adopt_____	Altramú
Demand_____	Éileamh
Extra_____	Breis
Shelter centre_____	Ionad Dídine
Surgeon_____	Máinlia
Sponsorship_____	Urraíocht

Ceist 3 Caithfidh na foghlaimeoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhair na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid lena chéile.

Ceist 4

1. Tá méadú suntasach tagtha ar líon na madraí tréigthe mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta.
2. Níl an t-airgead ag daoine madraí a choinneáil.
3. Tá an t-ionad atá acu anois le díol ag an úinéir.
4. Cosnaíonn sé deich míle euro an tseirbhís a chur ar fáil
5. Dúnfort ar chnoc ag gobadh amach ar bhruach na farraige.
6. Léitear amach na freagraí a fhaightear. Dún na nGall, Aill an Ára Thiar, Dún Aill (Dunhill I gCo. Phort Láirge) srl.

Ceist 5 Tá an focal sa chló trom sa Tuiseal Ginideach mar go bhfuil dhá ainmfhocal ag teacht le chéile.

1. An Mhí_____Contae Na Mí
2. Luimneach_____Contae Luimnigh
3. Sligeach_____Contae Shligigh
4. Gaillimh_____Contae Na Gaillimhe
5. An Iarmhí_____Contae Na hIarmhí
6. Laois_____Contae Laoise
7. Corcaigh_____Contae Chorcaí
8. An Dún_____Contae An Dúin
9. Maigh Eo_____Contae Mhaigh Eo
10. An Clár_____Contae An Chláir

Ceist 6 Is féidir na ceisteanna seo a phlé i ngrúpaí beaga nó i bhfóram oscailte.

Éimear Ní Chonaola

I gContae Chiarraí deir eagraíocht charthanachta do mhadraí tréigthe go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na madraí atá á¹ dtréigean mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta. Ach ní fios céard atá in ann don eagraíocht de bharr easpa airgid agus an t-ionad atá acu ar cíos a bheith á dhíol.

Grett O'Connor

Tá Angela O'Brien i measc na n-oibrithe deonacha ó Dog Action Welfare Group, a dhéanann madraí tréigthe agus a gcuid coileán sa chás seo a altramú. Anuraidh chabhraigh² DAWG le 770 madraí tréigthe; i mbliana meastar go mbeidh an uimhir sin i bhfad níos airde. Níl airgead sa bhreis ag teaghlaigh a thuilleadh chun go dtógfaidís madra mar pheata. Mar sin tá an t-éileamh ar mhadraí tite³.

Anseo in aice le Dún ar Aill i gContae Chorcaí tá ionad dídine na heagraíochta. Tá an foirgneamh⁴ agus an gairdín tógtha ar cíos acu ach anois tá siad le díol ag an úinéir. Cosnaíonn sé deich míle⁵ euro sa mhí an tseirbhís a chur ar fáil, idir bhíllí mháinlia, costais⁶ iompair na madraí agus bia.

Tá trí rud ag teastáil go géar ón eagraíocht charthanachta seo: uimhir a haon, ionad nua - áit éigin faoin tuath inár féidir leo na madraí a choimeád, uimhir a dó, oibrithe deonacha chun aire a thabhairt do mhadraí san ionad nua nó ina dtithe féin agus uimhir a trí, cosúil le gach eagraíocht charthanachta eile, urraíocht.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Dún ar Aill, Contae Chorcaí

¹ Dhá deirtear

² Do chabhraigh deirtear

³ titithe deirtear

⁴ an fhoirgneamh deirtear

⁵ deich mhíle a deirtear

⁶ Costaisí a deirtear